

Cad is cearta teanga ann?

- Glactar leis go bhfuil cearta ag **gach duine**.

Ábaltacht do theanga a úsáid sa saol **príobhaideach** agus sa saol **poiblí**.

- Tagann cearta teanga ó **chaighdeán ginearálta chearta daonna**, a chuireann **cosc ar leithcheal**.

‘Cuí’ agus ‘oiriúnach.’

- Tábhachtach go bhfuil siad **curtha i bhfeidhm de réir dlí**.



CEARTA TEANGA
CEARTA DAONNA

CLOCHA MILE CINNIÚNACHA SAN FHEACHTAS AR SON CHEARTA TEANGA

→
1969:
Bunaíodh Gaeltacht Bhóthar Seoighe



←
1971:
Bunaíodh Bunscoil Phobal Feirste



→
1991:
Bunaíodh Meánscoil Feirste



→
1998:
Síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta



→
2017:
Seoladh 'An Dream Dearg' ar na meáin shóisialta

→
2017:
Agóid de chuid 'An Dream Dearg' ag Oifigi RP i mBéal Feirste

←
2017:
Bua ag Conradh na Gaeilge san Ard-Chúirt i gcoinne An Fheidhmeannais maidir leis an Straitéis

→
2001:
Dhaingnídh Rialtas na Breataine An Chairt Eorpach (CETRM) don Ghaeilge

→
2006:
Síníodh Comhaontú Chill Rímhinn



→
EANÁIR 2020:
An comhaontú polaitiúil **Ré Nua Cur Chuige Nua (RNCCN)**

→
MÁRTA-MEITHEAMH 2021:
Tuilleadh brú agus Feachtas #SeasAnFód de chuid 'An Dream Dearg'

→
MEITHEAMH 2021:
Tugann Rialtas na Breataine coimhlint go dtabharfaidh siad féin an reachtaíocht isteach ag Westminster roimh dheireadh Dheireadh Fómhair 2021

CAD É AN CHÉAD RUD EILE?

In ainneoin seo ar fad, níl iomlán ar gcearta teanga againn...



Is minic a dhéantar sárú ar ár gcearta teanga ó thuaidh mar nach bhfuil aitheantas oifigiúil ag an Ghaeilge anseo.

Plé Ranga

An féidir leat smaoineamh ar shamplaí ar bith nuair a rinneadh sárú ar do chearta teanga?

An raibh tú riamh ag ágóid ar son chearta teanga? Cad é a bhí i gceist?

An mothaíonn tú go bhfuil fáilte romhat do chuid Gaeilge a úsáid go poiblí? Cad chuige?





Cad é mar a mhothaíonn tú i
ndiaidh na ráitis sin a chluinsint?

—

Cad chuige?





Mar a chonaic muid le Reilig na
Cathrach, in amanna, cuirtear
bacanna os ár gcomhair nuair a ba
mhaith linn an Ghaeilge a fheiceáil nó
a chluinsint go poiblí.





I mbeirteanna, déan plé:

An bhfuil sé tábhachtach go bhfeicimid
an Ghaeilge? Cad chuige?

Smaoinigh ar do chomhartha sráide...

An bhfuil do chomhartha i mBéarla?

An ~~bh~~fuil do chomhartha dátheangach?

Ar ceart go mbeadh do chomhartha i mBéarla amháin? Cad chuige?



Firicí feasacha


1. Déantar **sárú** ar ár gcearta teanga mar nach bhfuil aon dlí anseo a aithníonn nó a chosnaíonn an Ghaeilge. Sin ráite, tá cearta teanga againne mar phobal, beag beann ar reachtaíocht!



2. Ní hann do cheart gan an Ghaeilge a fheiceáil.




Ach cad é mar is féidir an Ghaeilge a chur chun cinn
go poiblí?



3. Fiú i bhfolús reachtaíochta, ba cheart go mbeadh muid ábalta an Ghaeilge **a fheiceáil** / úsáid le húdaráis phoiblí trí:

- Polasaí cuimsitheach nó Straitéis Ghaeilge a threoraíonn úsáid na Gaeilge agus a ghlacann beartais ar nós:



4. Moltar d'údaráis phoiblí 'tairscint ghníomhach' a úsáid.

Nuair a dhéanann údaráis phoiblí na seirbhísí Gaeilge a ofráil ar dtús, sula ndéanann an cainteoir an seirbhís a lorg. Dá bharr...

- Baintear an fhreagracht den Ghaeilgeoir AGUS;
- Úsáidtear na seirbhísí Gaeilge níos mó mar go bhfuil a fhios ag daoine gurb ann dóibh!



5. Bain úsáid as an dea-chleachtas atá i bhfeidhm in áiteanna eile.

Dea-chleachtas: Ag baint úsáide as polasaithe nó cleachtais m(h)aithe atá i bhfeidhm in eagraíochtaí nó tíortha eile.

Eagraíocht #1



Eagraíocht #2



Cad is féidir liomsa a dhéanamh anois?

1. Déan iarratas ar chomhartha sráide dátheangach i do cheantar féin



2. Tabhair dúshlán do chomhairle féin



3. Tapaigh cumhacht na meán sóisialta.



4. Tacaigh le feachtais teanga.



5. Ná bí i do shuí ag fanacht. Glac páirt anois!



ERASMUS + PROGRAM - SCHOOL EDUCATION
2020-1-ES01-KA201-082144

**MINORITY LANGUAGE LEARNING:
DIGITAL OPEN EDUCATIONAL RESOURCES FOR INCLUSION**

<https://titlenet.eu/>



TRAINING FOR
INCLUSION IN
TERRITORIAL
LANGUAGE
EDUCATION



Co-funded by the
Erasmus+ Programme
of the European Union

